



Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 16 Deireadh Fómhair 2025 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – A-GmbH & Co. KG v Hauptzollamt C

(Cás C-659/24, A-GmbH & Co. KG (Allmhairí páirteanna áirithe rothair)) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Frithdhumpáil – Dleacht frithdhumpála leathnaithe – Díolúine d'allmhairí páirteanna áirithe rothair ón tSín – Díolúine do chainníochtaí beaga arna n-allmhairiú ag oibreoirí ar mhionscála – Tairseach 300 aonad de pháirteanna rothair fíor-riachtanach arna ndearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ag páirtí nó arna seachadadh chuige)

(C/2025/6115)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesfinanzhof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: A-GmbH & Co. KG

Cosantóir: Hauptzollamt C

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 14(c) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú a thabhairt i gcás allmhairí páirteanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 512/2013 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2013 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an díolúine ón dleacht frithdhumpála leathnaithe dá bhforáiltear ann a chomhcheangal le díolúintí eile faoi Airteagal 14(a) agus/nó (b) de Rialachán Uimh. 88/97 san údarú úsáide deiridh céanna laistigh de bhrí Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.
- 2) Ní mór Airteagal 14(c) de Rialachán Uimh. 88/97, arna leasú le Rialachán Uimh. 512/2013, a léiriú sa chaoi go bhféadfar foráil a dhéanamh leis an údarú úsáide deiridh, de réir bhrí Airteagal 254 de Rialachán Uimh. 952/2013, maidir le díolúine ón dleacht frithdhumpála leathnaithe do níos lú ná 300 aonad de pháirteanna rothair fíor-riachtanach in aghaidh na míosa agus do gach custaiméir de chuid shealbhóir an údaráithe sin.
- 3) Ní mór Airteagal 14(c) de Rialachán Uimh. 88/97, arna leasú le Rialachán Uimh. 512/2013, a léiriú sa chaoi nach bhfuil, i gcás ina sáraítear tairseach 'níos lú ná 300 aonad de pháirteanna rothair fíor-riachtanach' in aghaidh na míosa, páirtí a dhearbhaíonn agus a sheachadann níos mó ná 299 n-aonad in aghaidh na míosa i dteideal aon díolúine ón dleacht frithdhumpála leathnaithe faoin bhforáil sin.

⁽¹⁾ IO C, C/2025/250.